

### Beathaí nua curtha le ainm.ie

Cuireadh ocht mbeatha nuascríofa leis an an mBunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge, [www.ainm.ie](http://www.ainm.ie), le deireanas. Ina measc, tá cuntas ar [Dhomhnall Mac Síthigh](#) (1951–2017), scríbhneoir, file, taiscéalaí, fear nach raibh taobh le haon bhua amháin i ndáiríre. Bhí féith na taiscéalaíochta agus na heachtraíochta ann agus ba mhian leis ceangal a dhéanamh leis an stair agus leis an gcultúr as ar sníodh é agus leis an spioradáltacht a bhí go domhain ina chroí. Ainneoin a chuid taistil ní raibh áit ab ansa leis ná a cheantar dúchais i gCorca Dhuibhne agus an fharraige atá ina thimpeall.

Scoláire agus file ab ea [Diarmaid Ó Doibhlin](#) (1942–2017) a rugadh i mBaile Uí Néill, Ard Tré, Co. Dhoire. Tháinig Diarmaid faoi anáil na mórscoláirí a bhí thuas lena linn: Donnchadh Ó Floinn, Pádraig Ó Fiannachta, Donnchadh Ó Corráin, Tomás Ó Fiaich; ba dhlúthchairde iad Diarmaid agus Tomás. Mar léachtóir, bhí sé ‘spreagúil agus íorónach araon, féith an ghrinn go láidir ann agus é in innimh domhan litríocht na Gaeilge a mhúscailt ina steillbheatha os comhair a gcuid súl amach do na scoláirí óga’.

Ba é [Seán Ó hÉalaí](#) (1938–2017) glór Mhaigh Eo ar RTÉ Raidió na Gaeltachta idir 1978 agus 2001. Gur tháinig a cheapachán ní raibh aon fhostaí de chuid an stáisiúin lonnaithe go lánaimseartha sa limistéar Gaeltachta sin. Bhíodh sé ag plé le cúrsaí nuachta agus spóirt, le ceol agus le seanchas. Le linn an achair sin d’aimsigh Seán líon mór cainteoirí nach gcloisfí a nglór choíche murach é. Dá uireasa, ní bheadh fáil ag na glúnta atá le theacht ar shaibhreas a gcuid cainte, ar chumas a gcuid grinn agus ar an eolas a bhí acu ar an stair a bhain leis na ceantair dar díobh iad.

Oíche Nollag 1929 a saolaíodh [Peadar Lamb](#) (1929–2017) ar an mBóthar Buí in aice na Ceathrún Rua. Oileadh mar bhunmhúinteoir é ach d’éirigh sé as an múinteoireacht in 1954 le dul leis an aisteoireacht agus thug sé aghaidh ar Amharclann na Mainistreach. Go lá a bháis, bhí Peadar ar dhuine de na haisteoirí Éireannacha ab aitheanta agus ba chruogaí dá raibh – ar stáitse, ar an teilifís agus i scannáin. Bhí sé páirteach mórán i ngach ceann de na drámaí agus de na geamaireachtaí i nGaeilge a ndearnadh léiriú orthu in Amharclann na Mainistreach mar chuid de pholasaí na linne sin.

Ba as an Aird Thiar, Iorras Aithneach, Co. na Gaillimhe é [Josie Sheáin Jeaic Mac Donncha](#) (1943–2017), duine de mhóramhránaithe sean-nóis na hÉireann. De bharr na suime a bhí ag Seán Jeaic sna hamhráin agus de bharr go raibh pobal gníomhach amhránaithe binne agus éisteoirí grinne sa chomharsanacht, bhí na hamhráin le fáil aige ar leac a theallaigh féin, agus i dtithe eile ina aice. Ag an Oireachtas, thug sé príomhghradam an tsean-nóis leis faoi thrí in 1971, 1978 agus 1982.

Gníomhaí díograiseach teanga, ceannródaí cróga agus scoláire cumasach ab ea [Aodán Mac Póilín](#) (1948–2016) a rugadh i mBéal Feirste. Ba é a ról mar stiúrthóir ar Iontaobhas Ultach, ó 1990 go dtí 2014, an rud ba mhó ina shaol gairmiúil a thug ábhar sásaimh agus bróid dó. Bunaíodh an Iontaobhas le linn na coimhlinte ag am a samhlaíodh dlúthcheangal idir an Ghaeilge agus an náisiúnachas poblachtánach. D’athraigh an tseaníomhá chúng chlaonta seo go suntasach faoi thionchar an Phóilínigh. Ball dílis dúthrachtach de Ghaeltacht Bhóthar Sheoighe in iarthar Bhéal Feirste a bhí ann freisin.



An Roinn  
Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta  
Department of  
Culture, Heritage and the Gaeltacht



S20

STRAITÉIS 20 BLIAIN DON  
GHAELGE 2010-2030  
Ár dTeanga, Ár bPobal

Áirítear [Proinsias Ó Mianáin](#) (1935–2016) ar dhuine de mhórgníomhaithe na Gaeilge san fhichiú haois. Bhí sé ar dhuine de bhunaitheoirí Cearta Gael, grúpa agóidíochta a d'éiligh oideachas iomlán Gaeilge sa Ghaeltacht chomh maith le Gaeilge amháin ar chomharthaí bóthair sa Ghaeltacht. I gcás cúirte sa chúirt chuarda i Leitir Ceanainn sna 1970idí, cuireadh go príosún é as díspeagadh cúirte nuair a d'éiligh an Mianánach gur i nGaeilge a labhródh an breitheamh leis. Dearbhaíodh ar ball in ordú Ard-Chúirte go raibh an phríosúnacht sin neamhbhailí.

Drámadóir, file agus liriceoir as Baile Átha Cliath ab ea [Aodh Ó Domhnaill](#) (1947–2018). Ba scríbhneoir go smíor é, ó na 1970idí nuair a chum sé amhráin don bhanna ceoil Na hUaisle, trí na 1980idí agus 1990idí nuair a foilsíodh trí chnuasach filíochta leis, agus go ceann fiche bliain ina dhiaidh sin. Bhí dlúthbhaint aige le hAisteoirí Bulfin, mar aisteoir agus mar dhrámadóir bisiúil. Go deimhin, go lá a bháis bhí sé i mbun pinn: 'Fear ildánach a bhí ann: bhí buanna an cheoil, na haisteoireachta, na léiritheoireachta, na samhlaíochta, na drámadóireachta, agus an ghrinn aige'.

### Nótaí d'eagarthóirí:

Mórshaothar luachmhar léinn é an cnuasach beathaisnéisí ag [www.ainm.ie](http://www.ainm.ie), a chuimsíonn breis is 1,700 beathaisnéis ó 1560 go dtí an lá inniu. Tá an tionscadal beathaisnéisí Gaeilge seo á fhorbairt ó 2009 i leith ag grúpa taighde Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU, i gcomhar le Cló Iar-Chonnacht agus le Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, údair na naoi n-imleabhar a d'fhoilsigh An Clóchomhar idir 1986 agus 2007 faoin teideal *Beathaisnéis*.

Tá 1.3 milliún focal i gcló sna himleabhair chlóite *Beathaisnéis*. Rinne Fiontar & Scoil na Gaeilge digitiú ar an ábhar seo agus cruthaíodh bunachar sonraí as. Foilsíodh ar líne é nuair a seoladh [www.ainm.ie](http://www.ainm.ie) in 2011.

Bunaíodh painéal comheagarthóirí in 2013 faoi stiúir Cló Iar-Chonnacht le cuid de na seanbheathaisnéisí a nuashonrú agus le cinn úra a scríobh. Ba iad Éilis Ní Anluain, Mártan Ó Ciardha, Seán Mac Labhraí agus Lillis Ó Laoire a sholáthair na cuntais seo ar bheathaí na ndaoine thuasluaite.

Tuilleadh eolais ar fáil ó [ainm@dcu.ie](mailto:ainm@dcu.ie) nó (01) 700 6577.



An Roinn  
Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta  
Department of  
Culture, Heritage and the Gaeltacht



STRAITÉIS 20 BLIAIN DON  
GHAELGE 2010-2030  
Ár dTeanga, Ár bPobal